**CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 74/2022**

**an 18 Márta 2022**

**lena leasaítear Iarscríbhinn IX (Seirbhísí airgeadais) a ghabhann le Comhaontú LEE [2022/1142]**

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ("Comhaontú LEE"), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/186 ón gCoimisiún an 10 Feabhra 2022 lena leagtar síos faisnéis theicniúil le haghaidh ríomh forálacha teicniúla agus bunchistí dílse le haghaidh tuarascála le dátaí tagartha ón 31 Nollaig 2021 go dtí an 30 Márta 2022 i gcomhréir le Treoir 2009/138/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le gabháil le gnó an Árachais agus an Athárachais agus an gnó sin a shaothrú ([1]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinn IX a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuirtear an méid seo a leanas isteach i ndiaidh phointe 1zr (Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1964 ón gCoimisiún) d'Iarscríbhinn IX a ghabhann le Comhaontú LEE:

"1zs. **32022 R 0186**: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/186 ón gCoimisiún an 10 Feabhra 2022 lena leagtar síos faisnéis theicniúil le haghaidh ríomh forálacha teicniúla agus bunchistí dílse le haghaidh tuarascála le dátaí tagartha ón 31 Nollaig 2021 go dtí an 30 Márta 2022 i gcomhréir le Treoir 2009/138/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le gabháil le gnó an Árachais agus an Athárachais agus an gnó sin a shaothrú (IO L 30, 11.2.2022, lch. 7)."

*Airteagal 2*

Is téacs barántúil a bheidh i dtéacs Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/186 san Íoslainnis agus san Ioruais, atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 19 Márta 2022 ar an gcoinníoll go mbeifear tar éis na fógraí uile faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE a dhéanamh (*).

*Airteagal 4*

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil an 18 Márta 2022.

*Thar ceann Chomhchoiste an LEE*

*An tUachtarán*

Nicolas VON LINGEN

([1]) IO L 30, 11.2.2022, lch. 7.

(*) Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.